



Coláiste an Eachréidh: Scéal an ainm

Tá Coláiste an Eachréidh ag oscailt i mBaile Átha an Rí Meán Fómhair 2006. Tá Coiste Gairmoideachas Chontae na Gaillimhe mar phátrún ar an scoil.

Pléadh an smaoineamh le meánscoil lán-gaelach a bhunú don chéad uair ag chruinniú poiblí Feabhra 2004 agus níorbh fhada go raibh Coiste Bunaithe ag feidhmiú.

Glacadh leis an mholadh gur chóir **Coláiste na hAchréidhe** a chur ar an mheánscoil úr. Tuigeadh nach raibh leagan Béarla den seanlogainm ar an cheantar agus bhí daoine sásta go raibh athbheochán de shaghas éigin tugtha don ainm ársa.

Ón chomhairle a tugadh dúinn ón tús dúradh linn gur focal baininscneach **Achréidh** agus mar sin gur *Coláiste na hAchréidhe* a ba cheart a bheith ann. Thacaigh Conradh na Gaeilge leis an leagan seo agus 'Craobh na hAchréidhe' acu sa cheantar.

Mar a tharla, áfach, fuair an Coiste Bunaithe roinnt litreacha agus moltaí ó éisteoirí RTÉ Raidió na Gaeltachta i dtaobh litriú, fuaimniú agus graiméar an fhocail.

Bhí bean áirithe sa chomharsanacht buartha nach raibh an leagan ceart againn. Bhí scéal aici ar bhunús an fhocail. Dúirt sí gur ghnách do spailpíní teacht as Chonamara agus iad ar lorg oibre i gceantair Bhaile Átha an Rí. Tuigeadh go dtiocfadh le spealadóir maith acra talaimh a lomadh in aon lá amháin. Ba ghnách dóibh a rá mar sin go raibh '**acra réidh**'. Má tá acra mar bhunfhocal, tá logainm na háite firinscneach. Chomh maith leis sin, bhí litriú eile molta aici: '**Coláiste an Aicréidh**'.

Bhí sé in am don Choiste Bhunaithe a thuilleadh taighde a dhéanamh agus an leagan cuí a chinntiú. Mar a tharla, thángthas ar leabhar dár teideal **Clár amhrán an Achréidh** scríofa ag Proinsias Ní Dhorchaí, BÁC 1974. Ní amháin sin ach sa leabhar **Raiftearaí, Amhráin agus dánta** le Ciarán Ó Coigligh, tá tagairt san innéacs:

"Achréidh, an t, oirthear na Gaillimhe"

Bhí mí thuiscint ann go fóill óir bhí tuairim eile luaite go raibh baint ag an fhocal 'each -(capall)' leis an logainm. Ag an phointe seo, rinneadh fiosrúchán leis an Bhrainse Logainmneacha, *An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta*.

Seo a leanas na moltaí a fuair muid ó na saineolaithe siúd:

Níl aon bhaint ag an bhfocal *acra* leis, ach níl mórán dul amú leis an dara mír *réidh*. 'Talamh atá feiliúnach do mharcaíocht capall' an brí atá leis, agus is é an focal *each* is bunús dó, tá an ceart agat. Sa *Dictionary of the Irish Language* faightear an iontráil seo a leanas:

“**eichréid** i of ground *bare, smooth, suitable for riding*; as subst. *bare, firm ground, territory over which cavalry can pass*:

— an eng iathgharbh eichreidh ‘*rugged and hilly*’ (*rugged and bare?*) FM vi 2240. 7.

— beith dod lot ar do lar fein / itir fidhbaid is eachreidh / a Mumha ... YBL 389a30.

— gabhaid ... / an ród aimhréidh ... / athraighid, is claon céille / raon athghairid eichréidhe, Dán Dé vi 3.

— tar Carthon ... / cuir aghaidh na himeirche / tar cuan Leamhna seach Loch Léin, / a sgoth Eamhna bhur n-eichréidh *your highway* (?) Ériu v 71=Ir. Monthly 1919, 342.”

Féach nach raibh inscne faoi leith luaite leis an bhfocal go stairiúil ach go bhfuil *Eachréidh* na Gaillimhe, atá á phlé againne, firinscneach.

An tEachréidh

(Coláiste) an Eachréidh

Cé go gcloistear *-t-* leathan ar uairibh ag muintir na Gaillimhe is é an litriú thuas a mholaimid. Tá an dá leagan seo ag Tomás Ó Máille sa leabhar *An Béal Beo (an tEachréidh 172, muintir an Eachréidh 175)*.

Sin é an moladh mar sin."

Dá bhrí sin, ba mhaith leis an gCoiste Bhunaithe cloí leis an leagan **Coláiste an Eachréidh** as seo amach.